# RIALACHÁN (AE) 2018/1718 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

**an 14 Samhain 2018**

**lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 maidir le láthair shuíomh na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 agus pointe (c) d'Airteagal 168(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) I gcomhthéacs an fhógra a thug an Ríocht Aontaithe an 29 Márta 2017 go bhfuil sé ar intinn aici tarraingt siar ón Aontas de bhun Airteagal 50 den Chonradh ar an Aontas Eorpach ("CAE"), roghnaigh na 27 mBallstát eile, ar theacht le chéile dóibh ar an 20 Samhain 2017 ar imeall na Comhairle, Amstardam na hÍsiltíre mar shuíomh nua na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí ("an Ghníomhaireacht").

(2) Ag féachaint d'Airteagal 50(3) de CAE, ba cheart don Ghníomhaireacht a suíomh nua a ghlacadh ón 30 Márta 2019.

(3) Chun feidhmiú cuí na Gníomhaireachta ina láthair nua a áirithiú, ba cheart comhaontú ceanncheathrún a thabhairt i gcrích idir an Ghníomhaireacht agus an Ísiltír sula nglacfaidh an Ghníomhaireacht a suíomh nua.

(4) Cuirtear fáilte roimhe go bhfuil iarrachtaí á déanamh ag údaráis na hÍsiltíre chun éifeachtacht oibríochtúil, leanúnachas agus feidhmiú gan bhriseadh na Gníomhaireachta a áirithiú le linn an athlonnaithe agus ina dhiaidh. Mar sin féin, mar gheall ar an staid urghnách, d'fhéadfadh go sealadach go mbeadh ar an nGníomhaireacht díriú ar a chroí-thascanna, agus tabhairt faoi gníomhaíochtaí eile de réir a n-iarmhairt ar shláinte an phobail agus ar chumas na Gníomhaireachta feidhmiú.

(5) Ba cheart don Choimisiún monatóireacht a dhéanamh ar phróiseas athlonnaithe foriomlán na Gníomhaireachta chuig a suíomh nua agus cuidiú leis an bpróiseas sin laistigh de theorainneacha a inniúlachtaí.

(6) Ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm ar bhonn práinne ionas go mbeadh a dóthain ama ag an nGníomhaireacht athlonnú a dhéanamh.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) a leasú dá réir sin,

---

([1]) IO C 197, 8.6.2018, lch. 71.

([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Deireadh Fómhair 2018 (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 9 Samhain 2018.

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena leagtar síos nósanna imeachta Comhphobail maidir le húdarú agus maoirseacht táirgí íocshláinte lena n-úsáid ag an duine agus le haghaidh úsáid tréidliachta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Leigheasra Eorpach (IO L 136, 30.4.2004, lch. 1).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach i Rialachán (CE) Uimh. 726/2004:

"*Airteagal 71a*

**Beidh suíomh na Gníomhaireachta in Amstardam na hÍsiltíre.**

Glacfaidh údaráis inniúla na hÍsiltíre gach beart is gá chun a áirithiú go mbeidh an Ghníomhaireacht in ann bogadh go dtí a láthair sealadach tráth nach déanaí ná an 1 Eanáir 2019 agus go mbeidh sí in ann bogadh go dtí a láthair buan tráth nach déanaí ná an 16 Samhain 2019.

Cuirfidh údaráis inniúla na hÍsiltíre tuarascáil i scríbhinn faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir leis an dul chun cinn maidir le hoiriúnuithe ar an áitreabh sealadach agus ar thógáil an fhoirgnimh bhuan faoi 17 Feabhra 2019 , agus gach 3 mhí ina dhiaidh sin, go dtí go mbeidh an Ghníomhaireacht tar éis bogadh go dtí a láthair buan.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 30 Márta 2019.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 14 Samhain 2018.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

A. TAJANI

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

K. EDTSTADLER